

LOGAINMNEACHA NA hÉIREANN IMLEABHAR: I

CONTAE LUIMNIGH

EAGARTHÓIR

ART Ó MAOLFABHAIL

Is é an t-eagarthóir na hainmneacha sa ghnáthbheatach ar fearscaileadhna ná an t-eagarthóir na hainmneacha Ordanais, agus go háirithe ar an tsraith dhátheangach. Is é an t-eagarthóir nádúr é go bhfuil spas airthí do na hainmneacha go téar iaoim agus Béarla. Sraith náisiúnú atá sa tsraith sin. Tá sé ar leith ann agus é de réir contactha a fhoilsítear i. De bharr nádúr na bhfoinsí eile, stach, is de réir contactha a dhéantar an taighde ar na hainmneacha de ghnáth. Fóisear na hainmneacha i bhfoirm fóistí agus stáitseachta Gaeilge agus Béarla ina gcontactha de réir mar a bhíonn consan reidh ina ionáin.

Is é an t-eagarthóir atá sna hainmneacha fein a bhfuil inné cinnte go minic agus é de réir contactha a dhéantar an taighde ar na hainmneacha. Nuair a fhoilsítear an t-eagarthóir náisiúnú agus é de réir contactha mar atá sa leabhar seo cuireann sé go mór leis an t-eagarthóir na hainmneacha do lucht staire, idir stáit atá filí agus stáit náisiúnú.

Tugtar an Comisiún Logainmneacha tacailt leaganach agus comhláinne den Suirbhéireacht le linn fhobhair fhoilsíú na fianaise sa rocht seo agus is minic liom bhuochas na Suirbhéireachta a ghabháil leo.

Baile Átha Cliath
OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Muiris Breathnach,
Stiúrthóir Canta,
Suirbhéireacht Ordanais.

RÉAMHRÁ

Tá an leabhar seo bunaithe ar an taighde atá á dhéanamh i mBrainse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis chun polasaí an Rialtais i leith logainmneacha a chur i gcrích, is é sin, an polasaí a leagadh síos sna téarmaí tagartha a tugadh don Choimisiún Logainmneacha. Is í príomhhéirim an pholasaí sin ceartfhoirmeacha Gaeilge logainmneacha na hÉireann a aimsiú agus a chur á n-úsáid go hoifigiúil. Ceanglaíodh an obair sin le hobair na Suirbhéireachta Ordanáis agus lonnaíodh an fhoireann sa tSuirbhéireacht toisc gurb ann ab fhéarr agus ba phraiticiúla a d'fhéadfaí an obair a riadar. Feidhmíonn an chuid is mó agus is práinní den obair, mar sin, laistigh de sceideal oibre na Suirbhéireachta agus is é an freastal ar an sceideal sin an príomhghnó ag an mBrainse Logainmneacha.

B'éigean mórán trialacha a dhéanamh chun teacht ar fhoirm oriúnach d'fhoilsíú fianaise stairiúla den sórt seo agus go háirithe chun teacht ar mhodh eagarthóireachta a mbeadh glacadh ag scoláirí agus ag an ngnáthphobal araon leis. Tá an fhianaise á foilsíú de réir contaetha toisc gur de réir contaetha b'fhusa an taighde a dhéanamh sna foinsí. Tugadh túis áite do chontae Luimnigh le foilsíú i rocht leabhair toisc gurb é an contae sin is túisce a críochnaíodh faoi scéim oibre na Suirbhéireachta chun sraith nua learscáileanna dátheangacha ar scála méadrach agus ar an eangach náisiúnta a chur ar fáil in ionad na sraithe contae a foilsíodh roimhe. Mar sin, is as contae Luimnigh de ghnáth do na logainmneacha a luaitear sa réamhrá seo mar léiriú ar phointí. Mar an gcéanna, is le contae Luimnigh go speisialta a bhaineann cuid de na foinsí eolais a liostaítear. Thairis sin, ámh, réamhrá ginearálta atá anseo i gcomhthéacs logainmneacha na hÉireann agus i gcomhthéacs luach na logainmneacha sin mar thaisce eolais.

Ainmneacha aonad riarracháin talaimh atá sa chuid is mó de na hainmneacha, is é sin, bailte fearainn, paróistí sibhialta (nó paróistí dlí), agus barúntachtaí. Measadh gur chóir ainmneacha tábhachtacha eile a liostáil anseo chomh maith, mar atá gnéithe aiceanta, sráid-

bhailte agus a leithéidí a mbeadh eolas go forleathan orthu agus súil ag daoine iad a bheith i leabhar den chineál seo. Den iomlán is ainmneacha bailte fearainn 1944 (sin timpeall 90%) de na hainmneacha anseo. Ar ndóigh, is minic a ainmníonn an t-aon ainm amháin níos mó ná gné amháin. *Gleann an Choim* mar shampla, is ainm ar bharúntacht agus ar bhaile fearainn é. Níl sa leabhar seo ach ainmneacha atá in úsáid sa lá atá inniu ann agus atá ar eolas go coitianta. Theastódh saothar ar leith chun staidéar a dhéanamh ar ainmneacha a bhí ann tráth agus nach maireannanois. Theastódh saothar de chineál eile fós chun staidéar a dhéanamh ar ainmneacha mion-ghnéithe ar nós toibreacha agus páirceanna.

Teangacha na hÉireann

Tá an cine daonna in Éirinn le timpeall naoi míle bliain agus is leor d'fhianaise agus de léiriú air sin nithe atá i dtaisce san Ardmhúsaem agus na séadchomharthaí iomadúla atá caomhnaithe ar fud na tíre. Ní fios, ámh, cén teanga nó cé na teangacha a labhair na daoine in Éirinn sa tréimhse réamhstairiúil. I gcontae Luimnighanois ar láthair chlúiteach ar imeall Loch Goir tá athdhéanamh tógha ar theach ón tréimhse Neoliteach (timpeall 4000–2500 roimh Chríost) agus ar theach ón Chré-umhaois (2500–600 roimh Chríost). Níl aon eolas againn ar chaint na ndaoine a chónaigh sa dúthaigh seo na mílte sin bliain ó shin, ná ar an ainm a bhí ar an loch acu. Tharlódh, mar sin féin, go bhfuil ainm an locha tagtha anuas go díreach chugainn ó na daoine sin.

De réir cosúlachta, baineann an chuid is mó ar fad de logainmneacha na hÉireann leis an gCeiltis agus go háirithe leis an gcraobh Ghaelach sa ghrúpa Ceilteach. Tuigtear as sin gur sa Ghaeilge a cumadh na hainmneacha sin agus, i gcás an chuid is mó de na hainmneacha, is dócha go bhfuil an tuiscint sin ceart. Is eol dúinn, gan amhras, gur labhradh teangacha seachas cinn Cheilteacha in Éirinn ó am go chéile ach tá ár n-eolas teoranta don ré stairiúil, is é sin, don ré óna bhfaightear méid eigin cuntas scríofa. De réir na fianaise scríofa sin ní heol dúinn ach go raibh foirm nó foirmeacha den Cheiltis ar oileán na hÉireann beagán le cois dhá mhíle bliain ó shin. Bhí an Cheiltis i réim go forleathan ag an am sin ar oileán na Breataine agus ar mhór-roinn na hEorpa.

Leathnáigh teangacha éagsúla go hÉirinn i bhfad ina dhiaidh sin, go háirithe an Lochlannais, an Fhraincis agus an Béarla. Thug na

teangacha sin leo go hÉirinn logainmneacha ó thíortha iasachta agus cumadh iontu logainmneacha nua in Éirinn. Is gnáthphróiséas é sin nuair a leathnaíonn teangacha. Is gnách, chomh maith, go gcuireann teanga foirm chainte, agus uaireanta foirm scríofa, dá cuid féin ar ainmneacha as teanga eile. I gcásanna áirithe ar deireadh ní fios cén bhunteanga lena mbaineann an t-ainm.

Is deacair a shamhailt nach bhfuil logainmneacha timpeall orainn atá chomh haosta leis na hiarsmaí réamhstairiúla atá le feiceáil bíodh gur faoi chruth Gaeilge a mhaireann siad. Má mhaireann ainm ón ré réamhstairiúil is dócha gurb iomaí athrú atá imithe air ó d'éag an teanga a shaolaigh é. I gcás mar sin b'fhéidir go samhlófaí brí leis toisc a chosúlacht ó thaobh fuaime le focal i dteanga eile, nó b'fhéidir go scríobhfaí é ar bhealach a chuirfeadh cuma shothuigthe de thaisme air sa teanga nua; féach, mar shampla, an fhoirm *Limerick* a thugann dhá fhocal Bhéarla, *lime* agus *rick*, le tuiscint. Má tharla rud mar sin d'ainm ársa is beag an seans go n-aithneofar é sin air. Agus i gcás nach léir bunús ainm, ní inaitheanta air ach oiread cé acu ó theanga réamhstairiúil nó ó theanga atá ar eolas a tháinig an t-ainm.

Logainmneacha iasachta

Toisc a mhinicí a úsáidtear ainmneacha i dteanga an lae, agus toisc go mbíonn comhthéacs cinnte leis an ainm nuair a úsáidtear é, is gnách go ngabhall an teanga seilbh go hiomlán air, bíodh sé in a ainm duine nó ina ainm áite nó ina ainm institiúide. Tá an téarma *eisainm* (*exonym* sa Bhéarla) in úsáid chun cur síos ar ainm geografach a bhfuil foirm scríofa dhifriúil i dteanga áirithe air ón bhfoirm scríofa sa teanga atá oifigiúil san áit féin. Go minic is foirm sheanda a bhíonn san eisainm. Is gnách go bhféachtar ar eisainm mar chuid bhunúsach den teanga; mar shampla, féach *An Róimh* sa Ghaeilge (*Roma* san Iodáil) nó *Londres* sa bhFraincis (*London* i Sasana). Tá na heisainmneacha sin bunaithe le fada.

I gcás ainmneacha clúiteacha mar iad sin, a mbíonn eolas i gcéin orthu ar feadh na gcéadta bliain, bíonn stair fhada dá chuid féin ag baint le gach ainm díobh sa teanga a ghlac isteach iad. Ní hionann cás do na hainmneacha iasachta a thugtar isteach sa tír mar aithris. Uaireanta cuirtear an t-ainm iasachta in oiriúint do nádúr theanga na dúthaí, ach is minic a fhágtaí faoi chruth na bunteanga é má bhíonn córas litrithe na teanga iasachta ar eolas go ginearálta. Samplaí d'ainmneacha i gcontae Luimnigh nach bhfuil foirm Ghaeilge curtha

orthu 'is ea *Montpelier, Prospect, Snugborough*. Ainnmeacha ar thithe móra príobháideacha a bhí ina lán ainmneacha den sórt seo nuair a ceapadh iad agus is amhlaidh a rinneadh bailte fearainn neamhspleácha den talamh a ghabh leo.

An fhianaise

Is mar léiriú ar an ainm agus ar stair fhoirm an ainm a thugtar fianaise scríofa sa leabhar seo ón am atá thart. Ní fhéachtar d'aon-ghnó le stair áite a léiriú. Gan amhras, féadfaidh an staráit tuisceanach brí agus ciall fhóntha a bhaint as na tagairtí atá cruinnithe anseo.

Tosnaíonn an fhianaise i gcónaí leis an tagairt is luaithe dá bhfuil aimsithe. Má bhíonn contrárthachtaí nó deacraíchtaí sa bhfianaise ní cheiltear sin agus uaireanta is gá aird ar leith a dhíriú ar a leithéidí. Is mór a bhraitheann réimse na fianaise a fhoilsítear ar aois an ainm, ach ar ndóigh braitheann aois chinnte ainm ar na tagairtí dó a mhaireann agus a aithnítear. Is tábhachtach, dá bhrí sin, sampla d'ainm i bhfoinse measartha déanach mura bhfuil sampla níos luaithe ann de. I gcás ainm eile de d'fhéadfadh gur beag is fiú mar fhianaise bhreise ar a fhoirm tagairt chomh déanach sin dó. Ar an ábhar sin, is éagsúil ó ainm go hainm an rogha fhianaise a fhoilsítear. Gan amhras ní gá gach uile thagairt dá bhfuarthas do logainm a thabhairt anseo, ach ar an iomlán is féidir glacadh leis go dtugtar gach tagairt atá níos luaithe ná A.D. 1600 agus as sin amach de réir breithiúnais agus de réir flúirse nó teirce fianaise úsáidí.

Nuair a scríobhtar síos, de réir choinbhinsiún teanga amháin, focail ní píosaí cainte as teanga eile, is minic nach léir sa scríbhinn sin tréithe na teanga bunaidh go cruinn. Bíonn sin amhlaidh toisc nach chun plé leis na tréithe sin a ceapadh córas scríofa na dara teanga. Dá bhrí sin is féidir tréithe tábhachtacha a bheith faoi cheilt sa bhfianaise, agus i gcás na logainmneacha Gaeilge atá curtha síos sa Bhéarla nó faoi thionchar an Bhéarla is minic a bhíonn cáilíochtaí mar urú, séimhiú, díochlaonadh agus caoile consain in easnamh go hiomlán.

Bíodh gur in ord ama a thugtar an fhianaise ní leanann as sin go léirítear forbairt leanúnach foirme i ngach aon chás. Níos mó ná teanga amháin a bheith ag plé leis an ainm is cúis leis seo de ghnáth. D'fhéadfadh foirm cuíosach nua-aimseartha ó thaobh litrithe de a bheith i bhfoinse luath Laidne nó Béarla toisc iarracht a bheith á

déanamh inti chun fuaim an ainm a thabhairt don léitheoir agus, ar an taobh eile de, d'fhéadfadh litriú traidisiúnta na Gaeilge forbairt chanúnach fuaime a cheilt. Mar shampla, féach an malartú idir *n* agus *r* san ainm *Luimneach/Limerick*.

Na foinsí scríofa

Tá éagsúlacht chomh mór sin i nádúr na bhfoinsí scríofa agus tá an oiread sin foinsí éagsúla ann nach féidir iad go léir a phlé i réamhrá gearr. Is leor a rá anseo go bhfuil an té a úsáideann na foinsí seo ag brath go mór ar chumas agus ar mhacántacht daoine a chuaigh roimhe (scríobhaite, eagarthóirí agus a leithéidí) agus freisin ar thoscaí na staire agus ar bhuaine ábhartha na ndoiciméad féin. Má bhíonn dóthain samplaí ar fáil is dócha go dtabharfar na botúin litrithe faoi deara. Ar an taobh eile, ámh, má bhíonn ganntanas samplaí scríofa d'ainm ann, go háirithe ón tréimhse 1600–1800, is féidir amhras mór a bheith ann faoin bhfoirm ba cheart a ghlaacadh agus freisin faoi aois fhírinneach an ainm.

Maidir le haois ainm, bíonn fadhb ar leith ag baint le doiciméid nach bhfuil comhaimseartha leis na tagairtí atá ar caomhnú iontu agus atá in ainm is a bheith bunaithe ar dhoiciméid atá níos sine ná iad. Mar a dúradh thuas, bítear ag brath ar chruinneas agus ar mhacántacht an té a thugann an tagairt ar aghaidh. Mar shampla, deirtear in *ARÉ* (*Annála Ríochta Éireann*) gur tharla eachtra in Uaithne Cliach sa bhliain A.D.914. Tá a fhios ag an léitheoir gur sa 17ú haois a scríobh na Ceithre Máistrí na hannála sin. Mar sin féin cuirtear an t-ainm sa liosta fianaise faoin m bliain A.D.914. Mar an gcéanna is é *Ballynrankeye* sa bhliain 1586 an tagairt is luaithe dá bhfuil ar eolas do *Baile na Fraince/Frankfort* agus glactar leis an dáta sin ar údarás an té a chóipeáil é sa bhliain 1900 ach ní féidir é a sheicéailanois ós rud é gur cailleadh an bhunscíbhinn nuair a dódh Oifig na dTaifead Poiblí sna Ceithre Cúirteanna i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1922.

Tá ceithre fhoinse riarracháin Bhéarla ann ón 17ú haois a bhfuil dátaí sách gar dá chéile luaite leo, mar atá *CS* (*Civil Survey* 1655), *DS* (*Down Survey* 1657), *Cen.* (*Census of Ireland* 1659), *BSD* (*Book of Survey and Distribution* 1660c). Nuair a bhíonn an fhoirm chéanna d'ainm le fáil i mbreis agus ceann amháin de na foinsí sin is faoi dháta na foinse is luaithe díobh a thugtar an fhoirm sin agus luaitear na foinsí i dteannta a chéile. (Tá fadhb ar leith ag baint le dáta *BSD*.

Leanadh de bheith ag cur ábhair bhreise isteach sa tsraith leabhar sin go dtí timpeall 1700, ach is dócha gur ar na suirbhéithe a rinneadh timpeall 1655 (*CS, DS* etc.) a bunaíodh foirmeacha fhormhór na logainmneacha in *BSD*; is dá bhrí sin a roghnaíodh '1660c' mar dháta dó).

Tá roinnt foinsí ann a bhfuil éiginnteacht ag baint leis na dátaí atá tugtha dóibh sa leabhar seo. I gcás *LM* (*An Leabhar Muimhneach*), mar shampla, bíodh is gur timpeall na bliana 1717 a scríobhadh an dá phríomh-lámhscríbhinn ina bhfuil an saothar ar fáil, is cosúil gur ar dhá shaothar a scríobhadh suas le céad bliain roimhe sin atá an leabhar bunaithe. Toisc go bhfuil ábhar le fáil thall is abhus sa leabhar a bhaineann le tréimhse is déanaí ná tú an 17ú haois roghnaíodh an dáta '1650c' dó. Mar an gcéanna leis na foinsí gaolmhara úd, *Sen. Búrc.* (*Senchas Búrcach*) agus *Sen. Síl. Bhr.* (*Senchas Síl Bhriain*); is é an dáta '1550c' a roghnaíodh dóibhsean.

Is iad na doiciméid ina liostaítear áiteanna agus sealbhóirí na n-áiteanna sin araon na doiciméid is rathúla le haghaidh taighde ar stair na logainmneacha. De ghnáth baineann an cineál seo doiciméid le húdarás riarracháin agus is gnách dáta cinnte a bheith lena leithéid agus gach ainm áite ann suite i gcomhthéacs cruinn. Is iad taifid na n-ionchoisní agus na suirbhéithe ón 16ú agus ón 17ú haois na samplaí is fearr den saghas seo doiciméid. Is i mBéalra nó i Laidin atá formhór na ndoiciméad sin ach tá a leithéidí ann i nGaeilge chomh maith, mar shampla, i gcás chontae Luimnigh, *Senchas Búrcach* agus *Senchas Síl Bhriain*. Foinsí eile, foinsí liteartha, mar shampla, agus go háirithe téacsanna filíochta, is minic nach féidir na háiteanna a luaitear iontu a aithint go dearfa.

Is í an tSuirbhéireacht Ordanáis an fhoinse is rialta ar fad díobh, agus go háirithe cáipéisí na chéadsuirbhéireachta (1824-1846) de bhrí gur ón aimsir sin atá ainm gach bun-aonaid riarracháin i gcló faoi chruth an Bhéalra ina shuíomh cinnte ar na léarscáileanna. Mura dtugtar aon fhianaise ar ainm anseo ach fianaise ón tSuirbhéireacht Ordanáis is amhlaidh nár aimsíodh aon tagairt eile don ainm roimh obair na Suirbhéireachta.

Suirbhéireacht na dTeorainneacha

Sula ndéantar trácht ar cháipéisí na Suirbhéireachta Ordanáis, is cóir ar dtús tagairt a dhéanamh d'obair shuirbhéireachta eile. Thosaigh Suirbhéireacht na dTeorainneacha in 1824 agus bhí sí sin i gcónaí

chun tosaigh ar an tSuirbhéireacht Ordanáis ó thaobh ama de chun go mbeadh teorainneacha na mbailte fearainn agus na bparóistí dlí socair sula rachadh an tSuirbhéireacht Ordanáis ag obair chun na léarscáileanna a dhéanamh. Ba ghnách le Suirbhéireacht na dTeorainneacha léaráid a dhéanamh ar a gcúrtí síos go garbh na teorainneacha agus suíomh na n-aonad éagsúla i leith a chéile. Chuige sin ba ghá gach ainm aonaid a chur síos i bhfoirm éigin agus de ghnáth bíonn foirm sin Shuirbhéireacht na dTeorainneacha tugtha mar cheannfhoirm Bhéarla in Ainmleabhair na Suirbhéireachta Ordanáis ag tagairt don aonad riarracháin. Liostaítear i measc na fianaise í leis an tagairt simplí *AL*. I gcás cuid de na hainmneacha ghlac an tSuirbhéireacht Ordanáis leis an litriú sin agus i gcás na coda eile leasaigh sí an litriú. Is é an litriú a roghnaigh an tSuirbhéireacht Ordanáis don léarscáil an litriú Béarla atá in úsáid go hoifigiúil ó shin i leith. Maidir le léaráidí garbha Shuirbhéireacht na dTeorainneacha, tá an chuid is mó díobh i dtaisce sa Chartlann Náisiúnta agus an chuid eile in Oifig na Suirbhéireachta Ordanáis féin.

An tSuirbhéireacht Ordanáis

Bhí sé ar intinn ag an tSuirbhéireacht Ordanáis ó thús a bheith neamhspleách de Shuirbhéireacht na dTeorainneacha i ngnó litriú logainmneacha agus sa bhliain 1830 bunaíodh rannóg sa tSuirbhéireacht Ordanáis chun plé leis an ngnó seo. Ba é Seán Ó Donnabháin an té ba mhó oibre agus ba mhó clú d'fhoireann na rannóige sin. Is minic mí-thuiscent ann inniu i dtaoibh a dhualgais. Ar an gcéad dul síos ní chun foirmeacha Gaeilge na n-ainmneacha a bheachtú a fostáiodh an fhoireann, cé gur léir gur chuir Ó Donnabháin cinntíú na bhfoirmeacha Gaeilge sin roimhe mar sprioc.

B'é socrú foirmeacha *Béarlaithe* na n-ainmneacha an príomhdhualgas, agus an dualgas a bhí le comhlíonadh in am tráth, ionas go bhféadfaí dul ar aghaidh le déanamh na léarscáileanna. Ní raibh i bhfoirmeacha Gaeilge na n-ainmneacha go hoifigiúil ach céim sa phróiséas ginearálta. Don obair sin is léir gur mar fhianaise roimh ré a b'fhearr an foirm Ghaeilge. Ón m bliain 1834 go dtí an bhliain 1841 thaistil Ó Donnabháin agus cuid dá lucht cúnta tríd an tir chun foirmeacha traidisiúnta Gaeilge na n-ainmneacha a chur san áireamh le haghaidh cheartshocrú na bhfoirmeacha Béarla. San am sin roimh an nGorta Mór is beag contae in Éirinn nach bhfaighfí cainteoirí dúchais Gaeilge ann agus is dócha go raibh an Ghaeilge ón gcliabhán ag leath phobal na tíre.

Ainmleabhair na Suirbhéireachta Ordanáis

Na leabhair nótaí ar a dtugtar na hAinmleabhair Pharóiste (The Parish Namebooks), de ghnáth bíonn ceann amháin ar a laghad ann in aghaidh an pharóiste dlí. San ainmleabhar chuití bailiúchán foirmeacha faoi gach ainm maraon le húdar gach foirme agus cur síos ar nádúr na háite a bhí i gceist. Foireann na Suirbhéireachta sa lár-oifig agus faoin thír, faoi stiúir na n-oifigeach airm, a chruinníodh na foirmeacha éagsúla Béarlaithe as doiciméid chomhaimseartha agus ó dhaoine céimiúla. Bhaintí foirmeacha as léarscáileanna, as liostaí riarracháin agus as leabhair, idir lámhscríbhinní agus ábhar clóbhuaile, agus lorgaítí foirmeacha ó údaráis áitiúla, ó úinéirí talaimh agus ó eaglaisigh. Inniu ní heol go baileach cad a d'imir ar chuid de na foinsí scríofa nó an maireann siad fós faoi theidil difriúla. Ar an ábhar sin ní féidir faoi láthair sonraí beachta a thabhairt i dtaobh chuid de na foinsí a luaitear sna hainmleabhair.

Mar aon leis an bhfoirm Bhéarlaithe a mhol sé don tSuirbhéireacht le cur i gcló ar na léarscáileanna bíonn foirm Ghaeilge agus míniú Béarla curtha ag Seán Ó Donnabháin leis an ainm san ainmleabhar ach go minic ní léir cá raibh sé féin nuair a rinne sé é sin. I gcás contaetha áirithe is cosúil gur chuir sé síos foirmeacha Gaeilge ainmneacha áiteanna le linn dó a bheith sna háiteanna féin nó i ngar dóibh, ach i gcás contaetha eile chuir sé na foirmeacha Gaeilge leis na hainmneacha i bhfad tar éis fhoilsíú na léarscáileanna agus nuair a bhí sé i bhfad ó na háiteanna. Is fíor sin chomh maith i dtaobh chuid de na míniúcháin Bhéarla atá leis na foirmeacha Gaeilge sna hainmleabhair.

Nuair a chuireadh Ó Donnabhaín foirmeacha Gaeilge agus míniúcháin Bhéarla leis na hainmneacha sna hainmleabhair tar éis fhoilsíú na léarscáileanna is léir gur ionlánú nó comhlíonadh patrúin a bhí ann a raibh tacaíocht údarás na Suirbhéireachta Ordanáis leis. I gcásanna áirithe rinne Ó Donnabháin an t-ionlánú sin breis agus deich mbliana tar éis fhoilsíú na léarscáile. Uaireanta is deacair a bheith cinnte de cé acu roimh nó tar éis an fhoilsithe a scríobh sé na foirmeacha Gaeilge. Le dúch a dhéanadh sé an scríobh oifigiúil ar fad.

Is éagothrom ó chontae go contae luach na n-ainmleabhar paróiste ó thaobh eolais agus tuairimíochta de. Tá cuid mhór den éagothroime sin ag brath ar an mblíain ina ndearnadh agus ar an duine, nó daoine, a rinne. Bhain an obair ar logainmneacha chontae Luimnigh leis an tréimhse ba rathúla agus ba mhó taithí d'obair na chéadsuir-

bhéireachta. Chaith Seán Ó Donnabháin na míonna Iúil agus Lúnasa 1840 ag obair sa chontae agus Pádraig Ó Caoimh agus Antaine Ó Comhraí mar chántóirí aige. Faoin am sin ní raibh fágtha le déanamh ach ceithre contaetha dheisceart chúige Mumhan agus bhí buntáiste na taithí ag Ó Donnabháin agus é ag baint brí as na logainmneacha.

In ainmleabhair chontae Luimnigh agus fhormhór na gcontaetha eile bíonn píosa breise faisnéise tugtha a bhíonn fíorshuimiúil más féidir é a dhéanamh amach. Is é a bhíonn ann foirm Ghaeilge i bpeann luaidhe a scríobhadh, de réir dealraimh, ó chaint na háite agus go minic bíonn an chuma air gur iarracht é ar fhuaimeanna na cainte a chur síos go cruinn. Ní raibh an córas idirnáisiúnta fogharscríbh forbartha ag an am sin agus iarracht phearsanta a bhíodh i ngach iarracht. Is é an trua é gur glanadh le ruibéar de ghnáth sna hainmleabhair na hiarrachtaí pinn luaidhe agus gur chuir Ó Donnabháin nó duine dá chomhleacaithe leaganacha níos caighdeánaithe le dúch ina n-áit. Go minic, dá bhrí sin, is deacair an peann luaidhe a léamh le cinnteacht agus is ar éigean a bhíonn sé infheicthe ar chóipeanna grianghrafa.

Tá tábhacht bhunúsach le cáipéisí oibre na Suirbhéireachta Ordánáis mar fhoinse eolais. Is fíor sin go háirithe toisc gur oibrithe gairmiúla lánamseartha a chuir le chéile iad, agus toisc gur chuid de thionscnamh mór eolaíochta a bhí san obair sin. Ní mór a admháil, ámh, gur éagothrom an fhoinse eolais iad mar gheall ar na heasnaimh a bhí ar léann na Gaeilge nuair a rinneadh an chéadsuirbhéireacht. Os coinne na n-easnamh sin is fiú a lua arís go raibh traidisiún labhartha na Gaeilge beo ag an am i móran den tír agus go raibh na milliúin de chainteoirí dúchais Ghaeilge ann.

Fianaise ón gcaint

Mar chuid den taighde ar a bhfuil an leabhar seo bunaithe rinneadh fiosrú go háitiúil i dtaobh a lán de na hainmneacha d'fhoinn teacht ar fhianaise faoi bhunús an ainm ón tslí ina bhfuaimnítear é go traidisiúnta. Don chuid is mó de is ag iarraidh teacht ar lorg na Gaeilge sa chaint áitiúil Bhéarla a bhíothas, de bhrí gur anuas ó aimsir labhartha na Gaeilge go traidisiúnta a tháinig formhór na n-ainmneacha. (Ar an ionlán i gcás chontae Luimnigh ba bheag a fuarthas ón bhfiosrú chun chur leis an eolas a bhí ar fáil ón bhfianaise scríofa. Dá bhrí sin is beag an méid samplaí ón gcaint a thugtar sa bhfianaise. Má thugtar foirm fhoghraíoch mar chuid den bhfianaise

anseo ní gá gurb í an fhoirm sin an t-aon fhoirm ná fiú an fhoirm is coitianta. Is amhlaidh a measadh go léiríonn an fhoirm sin ón gcaint pointe éigin atá tábhachtach, nó suimiúil, nó aisteach, mar fhianaise.)

Úsáidtear comharthaí idirnáisiúnta fogharscríbh chun fuaim na cainte a chur ar pháipéar. Níl aon cheantar traidisiúnta Gaeltachta i gcontae Luimnigh, agus ní féidir glacadh leis go bhfuil aon bhrí chinnte fhónáimeach le hiarsma ar bith d'fhuáimeanna na Gaeilge a bhíonn le cloisteáil i mBéalra an cheantair.

Is i bpatrún na béime traidisiúnta is láidre a bhraitear lorg na Gaeilge agus is annamh a bhíonn an bhéim bhunaidh curtha as a riocht i gcaint an phobail pé acu Béalra nó Gaeilge a bhíonn á labhairt ag an bpobal sin. Freisin, d'fhéadfadh cálíochtaí fuáime na Gaeilge a bheith beo i gcónaí i bhfoirméacha ainmneacha sa teanga Bhéalra ag muintir na háite féin, bíodh is nach mbeadh na cálíochtaí sin le haithint ar litriú Béalra na n-ainmneacha ná le brath ar chaint daoine a bheadh faoi thionchar ghnáthchoinbhinsiúin an Bhéalra chaighdeánaigh, agus is minic difríocht sa tslí ina ndeirtear ainm, ar an aon bhaile fiú amháin.

Is dócha gurb í an chontrárthacht idir consan a bhfuil cálíocht leathan leis agus an consan céanna agus cálíocht chaol leis, an tréith de chuid na teanga Gaeilge is deacra a aithint i bhfianaise stairiúil na n-ainmneacha. Is amhlaidh nach bhfuil córas scríofa an Bhéalra, na Fraincise ná na Laidne oiriúnach chun an chontrárthacht sin a léiriú i scribhinn bíodh gur idirdhealú bunúsach sa Ghaeilge í. Sa bhfogharscríobh idirnáisiúnta mar a úsáidtear in Éirinn é is gnách an chaoile a thaispeáint trí dhing bheag a chur i ndiaidh an chonsain in airde, mar shampla, b'. I gcomhthéacs na teanga Gaeilge glactar leis gur leathan don chonsan a fhágatar gan an ding bheag sin. Is cuid bhunúsach de chóras fuáimeanna na Gaeilge an t-idirdhealú sin idir consain chaola agus consain leathana toisc a mhinice a bhraitheann brí fhocail ar an idirdhealú sin. Ní thagann a leithéid i gceist i gcóras fuáimeanna an Bhéalra, mar is cuma cén chálíocht a ghabhann le fuaimniú consain sa Bhéalra ní bhaineann sin leis an mbrí féin.

Is leor sampla coitianta amháin de chontrárthacht chonsain leathain le consan caol sa Ghaeilge. An t-ainmfhocal *coil* a chiallaíonn ‘wood, forest’ sa Bhéalra agus an t-ainmfhocal *cill* a chiallaíonn ‘chapel, churchyard’ sa Bhéalra, scríobhtar mar /kil’/ agus /k’il’/ faoi seach iad sa bhfogharscríobh. Tá brí na bhfocal ag brath ar an mbealach ina ndeirtear consain tosaigh na bhfocal. Sa traslitriú

‘caighdeánach’ Béarla atá déanta ar ainmneacha áite a thosaíonn le ceachtar den dá fhocal sin (agus tá na céadta ann díobh mar ainmneacha riarracháin), is gnách go cuirtear *Kil(l)* – ar an dá shórt. I gcás mar sin b’fhéidir nach dtaispeánfadhbh an fhianaise scríofa stairiúil cé acu *coill* nó *cill* atá ann ach go bhfaighfí an réiteach sa chaint traidisiúnta.

Ainmneacha pearsanta agus sloinnte

Tá na céadta ainmneacha pearsanta agus sloinnte le fáil mar mhíreanna sna logainmneacha. Is de bhunús Gaelach a bhformhór. Ar an iomlán, i bhfoirmeacha Gaeilge na logainmneacha, cuirtear an litriú coitianta ar ainmneacha agus ar shloinnte sa mhéid a bhíonn sin ann, ach ní mór a mheabhrú go bhfuil sanas mhórán ainmneacha agus sloinnte doiléir agus go bhfuil gá le cruinnstaidéar ar an ábhar seo mar ábhar taighde ar leith. Faightear fianaise i logainmneacha ar ainmneacha agus ar shloinnte atá imithe i léig nó atá slogtha ag ainmneacha agus ag sloinnte eile, mar shampla, *Caisleán Uí Chon-ning* > *Caisleán Uí Chonaill*, agus is iomaí ainm agus sloinne ‘gan urrús’ a fhaightear, is é sin le rá, gan fianaise air ach an logainm áirithe a bhfuil sé ina chuid de, mar shampla, *Baile Mhic Shráidín*, *Cill Bhradaráin*, *Cnoc Uí Ursainte*.

Na foirmeacha Gaeilge

Is iad na foirmeacha Gaeilge a shocraítear ar bhonn na fianaise príomhthoradh thaighde fhoireann an Bhrainse Logainmneacha. Tugtar míniúchán simplí i mBéarla le gach ainm chomh maith agus is féidir, is é sin, míniú na bhfocal atá sa bhfoirm Ghaeilge a socraíodh. Mar shampla, míniúchán simplí ar *An Baile Buí* is ea *the yellow town*. Chun míniúchán domhain a thabhairt ar an ainm sin, ba ghá brí chruinn na bhfocal sa chomhthéacs áirithe seo a bheith againn – an bhrí a bhí leis an bhfocal *baile* nuair a ainmníodh é agus nádúr na cailíochta *buí* a bhain leis an mbaile sin.

Ní mhínítear mír idirdhealaithe (*beag*, *mór*, *thiar*, *thoir* etc.). Mínítear aidiacht más dlúthchuid den ainm í, mar shampla *Mór* in *An Cheapach Mhór*. Sa mhíniúchán Béarla cuirtear (;) idir dhá mhíniú atá gan ghaol. Cuirtear nota de bhreis ar an míniúchán le cuid de na hainmneacha. Mura léir a mhalairt, tagraíonn an nota don bhfoirm Ghaeilge atá tugtha mar cheannteideal, is é sin, mar fhoirm (agus mar ainm) oifigiúil.

Nuair a bhíonn sloinne idir lúibíní ag gabháil le hainm mar lipéad

idirdhealaithe ní chuirtear foirm Ghaeilge ar an sloinne toisc nach dlúthchuid den ainm a bhíonn ann; uaireanta bíonn bunús an tsloinne féin éiginnte.

Maidir le socrú na foirme Gaeilge i gcás nuair nár léir an bhrí nó nuair atá an bhunfhoirm cailte trí thruailliú foirme, chuathas i muinín an traslitrithe nó an réiteach litrithe chun foirm a sholáthar a thiocfadhl leis an gcuind is láidre den bhfianaise.

Toisc gur minic logainm Gaeilge ina phíosa intuigthe cainte bíonn sé faoi réir għramadaí sa għnátbhealach; mar shampla, *An Cheapach Mhór, pobal na Ceapaí Móire*. Ar mhaite le soiléire sna notaí mínithe, ámh, is gnách go gcuirtear ainm sa chló iodálach agus go bhfágtar é gan díochlaonadh. Tugtar eolas níos mine faoi fhoirm an għinidigh ar lch. xxxii.

An Logainmneolaíocht

Disciplín eolaíoch is ea an logainmneolaíocht agus ní ábhar diomua don eolaí ceartú teoirice nó fairsingiú eolais. Is amhlaidh a chuireann míchrūnneas as don té ar fiú leis an cruinneas agus an ceart. Cuireann míchrūnneas as go háirithe don eolaí toisc go gcuireann sé isteach go praiticiúil ar an anailís in obair thaighde. De bharr nádúr teangacha, is féidir a éileamh go dtig le hainm feidhmiú go héifeachtúil i gcaint agus i scríbhinn araon, fiú agus bunmhíchrūnneas ann i nganfhios do lucht na teanga. Is féidir a éileamh nach gá an sanas cruinn chun úsáid chruinn a bhaint as ainm agus gur le cíocras an duine chun na heolaíochta is mó a bhaineann an sanas. Go pointe áirithe is fíor gur leor an sanas sin a bheith i dtaisce agus fáil air go héasca ag an bpobal. Ar an taobh eile, ámh, mura mbíonn sciar maith den cheartsanas ar eolas go coitianta ag an bpobal is lag an tuiscint a bheidh ag an bpobal ar fhiúntas an stór eolais ina ionláine.

Is léir anois go bhfuil locht ar an athchruthú foirme atá déanta le tamall ar roinnt bheag logainmneacha agus atá glactha ina chaighdeán oifigiúil. Mar shampla, féach *Baile Dhá Thuile* (*Ballyhahill*) i gcontae Luimnigh, nuair is é *Baile Uí Sháithil* an fhoirm cheart de réir na fianaise. Easpa fianaise nó laige breithiúnais, nó an dá rud le chéile, is cúis de għnáth le locht dá leithéid in obair eolaíoch. (Cuimhnítar nach locht ann féin, ámh, claonadh d'aonghnó le coinbhinsiúin áirithe għramadaí, nó litrithe, nó canúna, seachas a chéile; mar shampla, an fhoirm *drom* a għlacadh in áit *droim* i gceantair áirithe mar a dhéantar i gcontae Luimnigh.)

Má tharlaíonn de bharr bħreis fianaise nó de bharr fheabhas breithiúnais ag duine ar bith solas breise a chaitheamh ar phointe ar bith tuairimíochta, nó ar fhoirm ainm ar bith dá bhfuil sa leabhar seo, is iad taighdeoirí gairmiúla an Bhrainse Logainmneacha sa tSuirbhéireacht Ordanáis is túisce a aithneoidh é agus a léireoidh sásamh an eolaí as forbairt an eolais.

Art Ó Maolfhabhail,

An Príomhoifigeach Logainmneacha.